An Coimisiún Eorpach



# Líonraí Tagartha Eorpacha

## Gníomhaíocht shuaitheanta de chuid an Aontais lena gcuidítear le hothair a bhfuil galair neamhchoitianta, íseal-leitheadúlachta agus aimpléiseacha orthu

## Cad iad na Líonraí Tagartha Eorpacha (LTEnna)?

Bunaíodh na Líonraí Tagartha Eorpacha (LTEnna) faoi Threoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann, agus is líonraí fíorúla soláthraithe cúraim sláinte iad atá bunaithe san Aontas Eorpach (AE) agus san Iorua atá speisialaithe i gcóireáil othar a bhfuil galair neamhchoitianta, íseal-leitheadúlachta agus aimpléiseacha orthu.



**Bailítear leis na Líonraí Tagartha Eorpacha eolas, taithí agus saineolas, agus tacaíonn siad le gairmithe sláinte aonair diagnóis níos cruinne agus an chóireáil is fearr atá ar fáil a chur ar fáil.**

Déanann breis agus **6 000 galar neamhchoitianta** difear do ghnáthshaol beagnach 36 mhilliún duine san Aontas.

Sainmhínítear galar neamhchoitianta san Aontas mar ghalar a dhéanann difear do níos lú ná **cúigear as 10 000**

Trí úsáid a bhaint as ardán TF tiomnaithe slán, is féidir le foireann saineolaithe Eorpacha meastóireacht a dhéanamh ar chásanna othar gan gá le hothair a dtír féin a fhágáil.

**Scaiptear an t-eolas ionas nach gá d'othair é sin a dhéanamh.**

## Déanann Líonraí Tagartha Eorpacha an méid seo a leanas:

- **athbhreithniú ar chásanna othar aonair** (níos mó ná 3 800 go dtí seo) trí phlé fíorúil a thionól i measc saineolaithe atá ina gcomhaltaí de sholáthraithe cúraim sláinte a fhaigheann tacaíocht ó ardán TF tiomnaithe slán arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach. Pléann na saineolaithe cásanna cliniciúla chun teacht ar chomhaontú maidir le diagnóisí agus cóireálacha.
- **treoirlínte maidir le cleachtas cliniciúil agus uirlisí tacaíochta eile i dtaca le cinntí cliniciúla a fhorbairt le haghaidh galar neamhchoitianta sonrach chun treoraíocht a thabhairt do chliniceoirí, agus cúrsaí oiliúna do sholáthraithe cúraim sláinte.**
- **éascú an líonraithe agus na staidéar cliniciúil mór** nach bhféadfaí a dhéanamh murach sin, sonraí a chomhthiomsú ar fud an Aontais chun tuiscint níos fearr a fháil ar ghalair neamhchoitianta agus aimpléiseacha agus cuidiú le cóireálacha a fhorbairt.
- **clárlanna galar neamhchoitianta a fhorbairt agus a choinneáil ar bun** ina mbeidh sonraí na n-othar a atreoraíodh chucu.
- **othair a bheith rannpháirteach** trí Ghrúpaí Abhcóideachta Othar na hEorpa, agus a thuairimí **a chur in iúl i gcroílár ghníomhaíochtaí na LTEnna.**

Cumhdaíonn na 24 LTE a bunaíodh go dtí seo go leor galair neamhchoitianta, agus neamhoird cnámh neamhchoitianta, ailsí neamhchoitianta, riochtaí inchríneacha neamhchoitianta, galair néareolaíocha agus néaramhatánacha neamhchoitianta san áireamh, mar shampla.




Seoladh na 24 LTE sin in 2017, ina raibh breis agus 900 lárionad cliniciúil speisialaithe atá lonnaithe i mbreis agus 300 ospidéal i 26 Bhallstát.

In 2024, tá siad comhdhéanta de 1 619 lárionad chliniciúla speisialaithe atá lonnaithe in 382 ospidéal i 27 mBallstát uile an Aontais agus san Iorua.

## Conas a dhéantar LTEnna a fhormheas agus meastóireacht orthu?

Chun a bheith rannpháirteach i LTE, freagraíonn soláthraithe cúraim sláinte glao ón gCoimisiún Eorpach, agus ina dhiaidh sin déanann Comhlacht Neamhspleách Meastóireachta measúnú ar a n-iarratas agus ullmhaíonn siad tuarascáil don Bhord de chuid Ballstát.

Déanann an Bord de chuid Ballstáit cinneadh an bhformheasfar togra chun líonra a bhunú agus na hiarratais seo a leanas ar chomhaltas.

Déantar meastóireacht ar na LTEnna go tréimhsiúil. Bhí an chéad bhabhta de mheastóireachtaí seachtracha in 2022, 5 bliana tar éis na 24 LTE a bhunú agus 836 chomhalta. Léirigh na torthaí gur bhain 100 % de na LTEnna torthaí 'sásúla' amach, faoi mar a bhain 88 % de na comhaltaí amach. Bhí feabhas de dhíth ar sciar beag de na comhaltaí, 8 %, agus cuireadh deireadh le 4 % de na comhaltais. Deimhnítear le torthaí na meastóireachta gur scéal ratha de chuid an Aontais iad na LTEnna, agus go mbeidh siad fós ina n-ionstraim chumhachtach san obair chun dul i ngleic le galair neamhchoitianta sna blianta amach romhainn.

## Ní mór do LTEnna:

1. bheith dírithe ar an othar agus cliniceoirí a bheith i gceannas orthu
2. 10 gcomhalta a bheith acu ar a laghad in ocht dtír ar a laghad
3. measúnú láidir neamhspleách á dhéanamh orthu
4. critéir maidir le Líonra agus Comhalta a chomhlíonadh
5. formhuiniú agus formheas a fháil ó na húdaráis náisiúnta

## Conas atá an tAontas ag tacú leis na LTEnna?

Tá infheistíocht mhór á déanamh ag an gCoimisiún chun na LTEnna a threisiú a thuilleadh. Sa bhreis ar an maoiniú a cuireadh ar fáil sna blianta roimhe sin, tá deontais dhíreacha nua, ar fiú EUR 77 milliún iad, á gcur ar fáil ag an gCoimisiún chun na líonraí sin a thabhairt le chéile sna blianta amach romhainn (go dtí an 30 Meán Fómhair 2027).

Thairis sin, tá EUR 15 mhilliún (18 milliún san iomlán) á chur ar fáil ag an gCoimisiún trí Ghníomhaíocht Chomhpháirteach arb é is aidhm di LTEnna a chomhtháthú sna córais sláinte náisiúnta.

## Naisc úsáideacha

<u>Líonraí Tagartha Eorpacha</u> (suíomh gréasáin Europa)

<u>Bróisiúr LTE</u> (Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023)

© An tAontas Eorpach, 2026
Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí ann agus go sonraítear na hathruithe a dhéantar (Ceadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun eilimintí nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go mbeadh cead le lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin. Gach íomhá © an tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

PDF ISBN 978-92-68-34772-0 doi: 10.2875/9038082 EW-01-26-006-GA-N